Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Féiniúlacht agus Muintearas

Tugann Aistear míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a dhéanann leanaí, ag baint úsáide as ceithre théama. Ceann de na téamaí sin is ea **Féiniúlacht agus Muintearas**.

Is éard atá i gceist leis an téama **Féiniúlacht agus Muintearas** de chuid *Aistear* ná leanaí ag cothú dearcaidh dhearfaigh orthu féin, agus iad ag mothú go bhfuil luach ag baint leo agus meas orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal. (Féach leathanaigh 27-35 don téacs iomlán maidir le **Féiniúlacht agus Muintearas**.)

féiniúlacht mar dhuine aonair agus mar bhall de ghrúpa

cearta agus freagrachtaí

comhionannas agus ilchineálacht

Aidhm 1

Beidh **féiniúlacht** láidir ag leanaí **mar dhaoine indibhidiúla** ar leith.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. déanfaidh siad caidrimh atá bunaithe ar chomh-mheas a chruthú is a chothú
2. beidh tuiscint acu do na saintréithe atá ag daoine éagsúla
3. tuigfidh siad go bhfuil siad éagsúil mar dhaoine agus go bhfuil a riachtanais féin agus a spéiseanna féin acu
4. tuigfidh siad 'cé hiad féin' agus beidh ar a gcumas cur síos a dhéanamh ar a gcúlraí agus ar a gcumais
5. mothóidh siad go bhfuil siad luachmhar agus aithneoidh siad iad féin agus na spéiseanna atá acu sa saol timpeall orthu
6. beidh siad in ann a gcuid roghanna agus riachtanas féin a chur in iúl agus a éileamh.

caidrimh

Aidhm 2

Beidh **féiniúlacht** ag leanaí **mar bhaill de ghrúpa**.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. braithfidh siad go bhfuil comhaltas acu sa ghrúpa
2. braithfidh siad go bhfuil fáilte roimh bhaill a dteaghlaigh agus a bpobal
3. beidh siad in ann eispéiris a roinnt i dtaca le teaghlaigh agus pobail
4. glacfaidh siad páirt i ngnáthaimh, gnásanna, féilte agus i gceiliúradh
5. tuigfidh siad go bhfuil siad ina mbaill de phobal níos leithne agus beidh siad eolach ar a gceantar áitiúil féin
6. tuigfidh siad na róil éagsúla atá ag daoine sa phobal.

Aidhm 4

Tuigfidh leanaí gur **foghlaimeoirí inniúla iad.**

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. forbróidh siad réimse leathan cumas agus spéiseanna
2. tuigfidh siad a láidreachtaí agus a gcumais agus déanfaidh siad iad a chomhroinnt go fonnmhar le daoine eile
3. rachaidh a muinín lena bhfoghlaim féin a riaradh i méid
4. léireoidh siad meonta amhail fiosracht, buanseasmhacht agus freagracht
5. gheobhaidh siad deiseanna foghlama atá bainteach lena spéiseanna pearsanta, lena mbaile agus lena gcultúr
6. spreagfar iad agus aithneoidh siad an rath agus an dul chun cinn atá á ndéanamh acu.

teaghlach agus pobal

Aidhm 3

Beidh leanaí **ábalta a gcearta a chur in iúl.**

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. cuirfidh siad a ndearcthaí in iúl agus beidh páirt acu i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu féin
2. tuigfidh siad rialacha agus teorainneacha iompair atá inghlactha
3. beidh siad idirghníomhach le daoine eile, comhoibreoidh siad leo agus cuideoidh siad leo
4. beidh meas acu ar riachtanais, cearta, mothúcháin, cultúr, teanga, agus creidimh daoine eile
5. beidh ciall acu ar cheartas sóisialta agus beidh siad in ann déileáil le hiompraíocht éagórach
6. beidh comhoibriú, freagracht, idirbheartaíocht, agus réiteach coinbhleachta go follasach ina n-iompar.

comhoibriú

spéiseanna agus roghanna

Uirlisí Úsáide Aistear

Soláthraíonn Uirlisí Úsáide Aistear réimse acmhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, leidbhileoga, bileoga eolais, agus podchraoltaí le cuidiú leat leas a bhaint as *Aistear* a oirfidh do do chás féin. Tá fáil ar na huirlisí ag **www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177 Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie